Epistil Phoil absdail chum na Gcolossianach
The Epistle of Paul to the Colossians

An Irish and English Parallel Bible

The Irish translation was accomplished by William O'Domhnuill in 1602, and has been copied from an 1817 edition of that translation. William O'Domhnuill (d.1628), known also as William O'Daniel, Archbishop of Tuam was a native of Kilkenny, Ireland. It was while at Trinity College that William took up the work of translating *The New Testament - Tiomna Nuadh* into Irish. This work was begun by Nicolas Walsh, Bishop of Ossory, who was murdered in 1585, and afterwards it was continued by John Kearney (who translated and published the first Irish [protestant] Catechism, printed in Dublin in 1571), and Nehemias Donellan, Archbishop of Tuam in 1595. This translation was dedicated to the newly ascended King James I, and published by O'Daniel in 1603.

The English translation used in this booklet is the King James Version (KJV) of the Holy Bible, commissioned by King James I of England in 1604. The translation work was completed by forty-seven learned Biblical scholars in 1611 and published that same year. It has had the most profound impact not only on English literature as a whole, world-wide, but also on Elglish-speaking peoples, world-wide! This same version is often referred to as the Authorised Version (AV). Despite its age, it is still very readable by the average reader today, and it remains one of the most widely-read literary works of all time.

Chapter

1 **2** **3** **4**

Epistil Phoil absdail chum na Gcolossianach
The Epistle of Paul to the Colossians

William O'Domhnuill New Testament of 1602; 1817 edition

The Authorized English Bible of 1611 1769 Edition

Caibidil 1

An Críosd firinneach, 18 ceann na heagluise; 26 noch a nallod bhi diamhar ar na cineadhachaibh.

Chapter 1

1 Pol, absdal Iosa Críosd tré thoil Dé, agus an dearbhrathair Timotéus,
2 Chum na náomh agus na ndearbhráthar ndíleas a Níosa Críosd a Gcolosse: Grása maille ribh, agus siothcháin, ó Dhía Athair agus ón Dtíghearna Iosa Críosd.
3 Beirmíd a bhuidhe ré Día agus ré Hathair ar Dtíghearna Iosa Críosd, ag déunamh urnuighe do shíor ar bhur sonsa,
4 On tráth fá gcúalamar iomrádh bhur gcreidimh a Níosa Críosd, agus bhur ngrádh do na huile náomhuibh,
5 Ar son ná muinighne atá ar na cur a gcoimhéud bhur noirchill air neamh, agá bhfuárabhair a túarásgbháil roimhe a mbréithir fhírinne an tsoisgéil;
6 Noch tháinic chuguibhse, comhmaith ris an ndomhan uile; agus do bheir toradh úadha, mar do bheir bhur measgsa, ón lá fá gcúalabhair, agus fá bhfúarabhair éolas air ghrás Dé go fírinneach:
7 Amhuil fós do fhoghluim sibh ó Epaphras ar gcoimhshearbhfoghantuidh grádhach, noch atá ar bhur sonsa na mhinisdir díleas ag Críosd;
8 Noch fós do fhoillsigh dhúinne bhur ngrádhsa trés an Sbioruid.
9 Uime sin, ón lá fá gcúalamar, ní sguirmíd dá bheith ag úrnuighe ar bhur son, agus ag athchuinghe sibhse do bheith líonta déolas a thoilesion a nuile éagna agus thuigse sbioradalta;
10 Ionnus go siúbhalfadh sibh mar as cubhaidh don Tíghearna maille ré na thoil do dhéunamh sna huile neithibh, ag tabhairt toruidh uáibh sa nuile dheaghobair, agus ag fás a néolas Dé;
11 Ar bhur neartughadh maille ris a nuile neart, tré na chúmhachd glórmharsan, chum na huile fhoighide agus fhulaing maille ré gáirdeachas;
12 Ag breith bhuídheachais ris a Nathair, noch do rinne sinne iomchubhaidh chum coda dóighreachd na náomh sa tsoillse:

1 Paul, an apostle of Jesus Christ by the will of God, and Timotheus *our* brother,
2 To the saints and faithful brethren in Christ which are at Colosse: Grace *be* unto you, and peace, from God our Father and the Lord Jesus Christ.
3 We give thanks to God and the Father of our Lord Jesus Christ, praying always for you,
4 Since we heard of your faith in Christ Jesus, and of the love *which ye have* to all the saints,
5 For the hope which is laid up for you in heaven, whereof ye heard before in the word of the truth of the gospel;
6 Which is come unto you, as *it is* in all the world; and bringeth forth fruit, as *it doth* also in you, since the day ye heard *of it*, and knew the grace of God in truth:
7 As ye also learned of Epaphras our dear fellowservant, who is for you a faithful minister of Christ;
8 Who also declared unto us your love in the Spirit.
9 For this cause we also, since the day we heard *it*, do not cease to pray for you, and to desire that ye might be filled with the knowledge of his will in all wisdom and spiritual understanding;
10 That ye might walk worthy of the Lord unto all pleasing, being fruitful in every good work, and increasing in the knowledge of God;
11 Strengthened with all might, according to his glorious power, unto all patience and longsuffering with joyfulness;
12 Giving thanks unto the Father, which hath made us meet to be partakers of the inheritance of the saints in light:

13 Noch do sháor sinn ó chúmhachduibh an dorchaduis, agus do atharruigh *sinn* go rioghachd a Mhic ionmhuin féin:
14 Ion a bhfuil an fúasgladh aguinn tré na fhuil, *eadhon* maithmheachas na bpeacadh:
15 Noch atá na iomháigh don Día dofhaicsigh, na chéidghin na nuile chreatúr:
16 Oír is leisean do crúthuigheadh na huile neithe, noch atá ar neamh, agus ar talamh, sófhaicsigh agus dófhaicsigh, más árdchaithireacha *íad*, nó tíghearnuis, nó úachdaránachd, nó cúmhachda: as leision agus ar a shonsan, do crúthugheadh íad uile:
17 Agus atá féin roimh na huile neithibh, agus is trídsion sheasaid na huile neithe a bhfochair a chéile.
18 Agus as eision ceann chuirp, na heagluisi: agar ab é an tosach é, an chéidgin ó mharbhuibh; chum airdcheannuis do bheith aige ós cionn na huile.
19 Oír do thogair an Tathair a nuile iomláine do chómhnuidhe annsan:
20 Agus, na huile neíthe do dhéunamh réidh ris féin thrídsion, ar ndéunamh siothchána tré fhuil a chroichesean; mas air talamh *íad*, no air neamh.
21 Agus sibhse, do bhí a nallód bhur gcoimhightheachuibh agus bhur náimhdíbh ann *bhur* ninntinn tré drochóibrighibh, do réidhigh sé a nois daóibh
22 A gcorp a fhéola féin tré bhás, chum bhur ndéunta náomhtha glan agus neimhchiontach na fhíadhnuise féin:
23 Má chómhnuigheann sibh go fonndameinteach daingean sa gcreideamh, gan bheith dhíbh ar bhur nathrughadh ó mhuinighin an tsoisgéil, noch do chúalabhair, *agus* do rinneadh sheanmóir dá gach uile chreatúr atá faói neamh, dá bhfuilimse Pól am mhinisdir;
24 Noch do ní a nois gairdeachas ann sna neithibh fhuilingim ar bhur sonsa, agus choimhlíonas fuigheall buáidheartha Chríosd am fheóil ar son a chuirpsion, eadhon a neagluis:
25 Dá ndearnadh minisdir dhíom, do réir fheadhmanntuis Dé tugadh dhamh bhur dtáobhsa, chum breithre Dé do choimhlíonadh;
26 An ruindiamhair do bhí folaighthe ó thús an domhuin agus ó ré na sinnsear, achd a nois atá ar na fhoillsiughadh dhá naómhuibhsion:
27 Dar thogair Día a fhoillsiughadh créd é siadhbhread ghlóire an ruindíamhairse a

13 Who hath delivered us from the power of darkness, and hath translated *us* into the kingdom of his dear Son:
14 In whom we have redemption through his blood, *even* the forgiveness of sins:
15 Who is the image of the invisible God, the firstborn of every creature:
16 For by him were all things created, that are in heaven, and that are in earth, visible and invisible, whether *they be* thrones, or dominions, or principalities, or powers: all things were created by him, and for him:

17 And he is before all things, and by him all things consist.

18 And he is the head of the body, the church: who is the beginning, the firstborn from the dead; that in all *things* he might have the preeminence.
19 For it pleased *the Father* that in him should all fulness dwell;
20 And, having made peace through the blood of his cross, by him to reconcile all things unto himself; by him, *I say*, whether *they be* things in earth, or things in heaven.
21 And you, that were sometime alienated and enemies in *your* mind by wicked works, yet now hath he reconciled

22 In the body of his flesh through death, to present you holy and unblameable and unreproveable in his sight:
23 If ye continue in the faith grounded and settled, and *be* not moved away from the hope of the gospel, which ye have heard, *and* which was preached to every creature which is under heaven; whereof I Paul am made a minister;

24 Who now rejoice in my sufferings for you, and fill up that which is behind of the afflictions of Christ in my flesh for his body's sake, which is the church:

25 Whereof I am made a minister, according to the dispensation of God which is given to me for you, to fulfil the word of God;

26 *Even* the mystery which hath been hid from ages and from generations, but now is made manifest to his saints:
27 To whom God would make known what *is* the riches of the glory of this mystery among the Gentiles; which is Christ in you, the hope

measg na Gcineadhach; agár ab é Críosd é bhur measgsa, muinighin na glóire:
28 Noch do nímidne sheanmóir, ag tabhair fógra dá gach áon, agus ag teagusg gach aóin sa nuile eagna; chum gach áon do thabhairt a láthair iomlán a Níosa Críosd:
29 A ní chum a bhfuilimse ag déunamh díthchill, ar mbeith dhamh ag sbáirn do réir mar oibrigheas a oibriughadhsan ionnam go cumhachdach.

of glory:

28 Whom we preach, warning every man, and teaching every man in all wisdom; that we may present every man perfect in Christ Jesus:

29 Whereunto I also labour, striving according to his working, which worketh in me mightily.

Caibidil 2

Diosbóireachd chealgach, lé béulaireachd, agus geasrogadh dhaoine, 20 agus gnathaighte an reachd, do sheachna.

Chapter 2

1 Oir do bfearr leam go mbíadh a fhioa aguibh créd é méud mo chomhruic ar bhur sonsa, agus *ar son* na druing atá a Láodicéa, agus *ar son* na méide nach bhfacuigh madhuigh sa bhfeóil;
2 Ionnus go mbíadh sólás air a ccroidhthibh, ar mbeith dhóibh dluthuighe ré chéile a ngrádh, agus a nuile shaidhbhrios sháirdhearbhthachd tuisge, chum éolais rúindíamhra Dé, eadhon a Nathar, agus Críosd;
3 Ann a bhfuilid na huile ionnmhusa eagna agus éolais folaighe.
4 Achd a deirim so, deagla go meallfadh éunduine sibh ré hóradh bríathar:
5 Oír bíodh nach bhfuilim bhur láthair sa gcoluinn, gidheadh atáim bhur láthair sa sbioruid, ag déunamh gáirdeachais agus ag féuchain bhur nórduighe, agus dhaingne bhur gcreidimh a Gcríosd.
6 Uime sin amhuíl do ghabhabhair an Tíghearna Iósa Críosd chuguibh, siúbhluidh annsan:
7 Ar mbeith dhíbh ar bhur bhfréumhughadh agus ar bhur bhfollamnúghadh ann, agus ar bhur ndaingniughadh sa gcreideamh, do réir mar do theaguisgeadh sibh, ag líonadh ann díbh maille ré breith bhuídheachais.
8 Tabhruidh bhur naire ribh nach meallfuidh éinneach sibh tré fheallsámhnachd agus tré mhealltóireachd dhiomhaóin, do réir thráchduighe na ndaóine, do réir chéudthosuigheadh an dómhuin, agus ní do réir Chríosd.
9 Oír atá a nuile iomláine Dhíaghachda na cómhnuidhe annsan go corparrdha.
10 Agus atá sibhse ar bhur iomlíonadh annsan, noch as ceann don huile úachdaranachd agus do na huile chúmhachduibh:

1 For I would that ye knew what great conflict I have for you, and *for* them at Laodicea, and *for* as many as have not seen my face in the flesh;

2 That their hearts might be comforted, being knit together in love, and unto all riches of the full assurance of understanding, to the acknowledgement of the mystery of God, and of the Father, and of Christ;

3 In whom are hid all the treasures of wisdom and knowledge.
4 And this I say, lest any man should beguile you with enticing words.
5 For though I be absent in the flesh, yet am I with you in the spirit, joying and beholding your order, and the stedfastness of your faith in Christ.

6 As ye have therefore received Christ Jesus the Lord, *so* walk ye in him:

7 Rooted and built up in him, and stablished in the faith, as ye have been taught, abounding therein with thanksgiving.

8 Beware lest any man spoil you through philosophy and vain deceit, after the tradition of men, after the rudiments of the world, and not after Christ.

9 For in him dwelleth all the fulness of the Godhead bodily.
10 And ye are complete in him, which is the head of all principality and power:

11 Ann a bfuilti mar an gcéudna timchillgearrtha ré timchillghearradh nach láimhdhéunta, ag cur chuirp pheacuidh na féola dhíbh tré thimchillghearradh Chríosd:
12 Ar mbeith díbh adhluice má ráon ris tré bhaisdeadh, ann a ndearnabhair eiseirghe fós má raón *ris* tré chreideamh oibre Dé, do thóg é súas ó mharbhuibh.
13 Agus do aithbhéodhuigh sé sibhse maille rísion, ar mbeith dhíbh marbh a bpeacaidhibh agus a neamhthimchillghearradh bhur bhféola, ag maitheamh a nuile pheacuidh dhíbh;
14 Ar sgríos sgríbhinne na norduigheadh do bhí ar nadhuighne dhó, agus do bhí contrárrdha dhúinne, do thóg se as a tslighe í, ága greamadh don chroich;
15 Ag fádhbhadh na núachdaránachd agus ná gcúmhachd dó, do thaisbéin sé go follas *íad*, ar ndul dó ann féin go caithréimeach ós a gcionn.
16 Uime sin ná damhnuigheadh éinneach sibh ar son bhídh, ná dhíghe, ná a dtáobh láe saóire, ná fan ré nuáidh, ná a dtáobh na sabbóideadh:
17 Nach bhfuil achd na sgáile do na neithibh atá chum teachda; achd *is* lé Críosd an corp.
18 Ná mealladh éunduine sibh a númhlachd inntinne agus a dtabhair onóra dainglibh, dhá sháthadh féin sna neithibh nach bhfacuidh sé ríamh, ar na líonadh go diomhaóin ré hinntinn a cholla féin,
19 Agus nach ccongmhann sé an Ceann, as a bhfághann an corp uile ar mbeith dhó gan uireasbhaidh dlúthuighe ré chéile, tré altuibh, agus tré choimhcheangaltuibh, fás tré fhás Dé.
20 Uime sin má fúarabhair bás má ráon ré Críosd ó chéudthosuighibh an domháin, créd, fá bhfuil sibh mar dhaóinibh chaitheas a mbeatha sa sáoghal, ag leanmhuin dórduighthibh,
21 Ná bean ris; na blais; na láimhsigh;
22 Noch théid uile a dtruáilleadh ré na gcleachdadh; do réir aitheantadh agus theaguisg na ndaóine?
23 Neithe agá mbí cáil éagna orrtha, sa seirbhís chúmuid daóine úatha féin, agus a númhlachd inntinne, agus a neamhchoigilt an chuirp; ní a nonóir air bith do shásadh na colla.

11 In whom also ye are circumcised with the circumcision made without hands, in putting off the body of the sins of the flesh by the circumcision of Christ:
12 Buried with him in baptism, wherein also ye are risen with *him* through the faith of the operation of God, who hath raised him from the dead.
13 And you, being dead in your sins and the uncircumcision of your flesh, hath he quickened together with him, having forgiven you all trespasses;

14 Blotting out the handwriting of ordinances that was against us, which was contrary to us, and took it out of the way, nailing it to his cross;
15 *And* having spoiled principalities and powers, he made a shew of them openly, triumphing over them in it.
16 Let no man therefore judge you in meat, or in drink, or in respect of an holyday, or of the new moon, or of the sabbath *days*:
17 Which are a shadow of things to come; but the body *is* of Christ.
18 Let no man beguile you of your reward in a voluntary humility and worshipping of angels, intruding into those things which he hath not seen, vainly puffed up by his fleshly mind,

19 And not holding the Head, from which all the body by joints and bands having nourishment ministered, and knit together, increaseth with the increase of God.
20 Wherefore if ye be dead with Christ from the rudiments of the world, why, as though living in the world, are ye subject to ordinances,

21 (Touch not; taste not; handle not;
22 Which all are to perish with the using;) after the commandments and doctrines of men?

23 Which things have indeed a shew of wisdom in will worship, and humility, and neglecting of the body; not in any honour to the satisfying of the flesh.

Caibidil 3

Na seanbhéusa do chur fac ccul, 18 agus caitheam ar réachd tíghe na nccreidmheach, lé mía-beatha.

Chapter 3

1 Uime sin má deiséirghe sibh má ráon ré Críosd, íarruidh na neithe atá shúas, sa nionad ann a bhfuil Críosd na shuídhe ar deis Dé.
2 Bíodh bhur ndúil sna neithibh atá shúas, agus ní sna neithibh atá air talamh.
3 Oír atá sibh marbh, agus atá bhur mbéatha folaighthe má ráon ré Críosd a Ndía.
4 An tan fhóillséochthar Críosd, ar mbéathainne, foillséochthar sibhse fós an tan sin a nglór má ráon ris.
5 Uime sin claóidhigh bhur mbuill thalmhuidhe, sdríopachas, neamhghloine, fonn colluidhe, ainmhían, agus sainnt, noch as iodhaládhradh:
6 Tré na dtig díoghaltus Dé ar chloinn na heasúmhlachda:
7 Ann a rabhabhairse fós ag siubhal a nallód, ar mbeith dhíbh ag caitheamh bhur mbeatha ionnta.
8 Achd a nois cuiridh uáibh na neithesi uile; fearg, buirbe, blaisphéime, droichmhéin, comhradh salach as bhur mbéul.
9 Ná déunuidh bréug ré chéile, ó chuireabhair an seanduine dhíbh maille ré na ghníomharthuibh;
10 Agus ó chuireabhair an *duine* núadh iomuibh, noch atá ar na athnúadhughadh a néolas do réir íomháighe an ti do chrúthaidh é:
11 Mar nach bhfuil Gréugach agus Iúduighe, timchillghearradh agus neamhthimchillghearradh, duine barbartha, agus Scitían, dáor *agus* sáor: achd Críosd *na* uile, agus ann sna huilibh.
12 Uime sin cuiridh iomuibh, mar *chloinn* thoghtha, náomhtha ionmhuin Dé, innighe trócaire, cáoine, úmhlachd inntinne, ceandsachd, agus foighid;
13 Ag tabhairt íomchair dhá chéile, agus ag maitheamh dhá chéile, má tá gearan ag neach a nadhuigh aroile: amhuil tug Críosd maitheamhnas díbhse, go madh hamhluidh sin *dhéunas* sibhse.
14 Achd ós cionn na neitheannsa uile *biodh aguibh* carrthannachd, noch as coimhcheangal diongmháltachda ann.
15 Agus bíodh siothcháin Dé ag ríaghlughadh bhur gcroidheadh, chum a bhfuiltí fós ar bhur ngairm a néunchorp; agus bíghidh buidheach.
16 Bíodh bríathar Chríosd na comhnuide ionnuibh go saidhbhir sa nuile éagna; dá bhur múnadh agus dá bhur dteagusg féin a salmuibh agus a bhfonnuibh molta *Dé*, agus a gcainticibh sbioradálta ag déunamh ceóil don

1 If ye then be risen with Christ, seek those things which are above, where Christ sitteth on the right hand of God.
2 Set your affection on things above, not on things on the earth.
3 For ye are dead, and your life is hid with Christ in God.
4 When Christ, *who is* our life, shall appear, then shall ye also appear with him in glory.

5 Mortify therefore your members which are upon the earth; fornication, uncleanness, inordinate affection, evil concupiscence, and covetousness, which is idolatry:
6 For which things' sake the wrath of God cometh on the children of disobedience:
7 In the which ye also walked some time, when ye lived in them.

8 But now ye also put off all these; anger, wrath, malice, blasphemy, filthy communication out of your mouth.
9 Lie not one to another, seeing that ye have put off the old man with his deeds;

10 And have put on the new *man*, which is renewed in knowledge after the image of him that created him:

11 Where there is neither Greek nor Jew, circumcision nor uncircumcision, Barbarian, Scythian, bond *nor* free: but Christ *is* all, and in all.

12 Put on therefore, as the elect of God, holy and beloved, bowels of mercies, kindness, humbleness of mind, meekness, longsuffering;

13 Forbearing one another, and forgiving one another, if any man have a quarrel against any: even as Christ forgave you, so also *do* ye.

14 And above all these things *put on* charity, which is the bond of perfectness.

15 And let the peace of God rule in your hearts, to the which also ye are called in one body; and be ye thankful.
16 Let the word of Christ dwell in you richly in all wisdom; teaching and admonishing one another in psalms and hymns and spiritual songs, singing with grace in your hearts to the Lord.

Tíghearna ann bhur gcroidhthibh maillé ré gean.
17 Agus gidh bé ar bith ní dhéuntaói a mbreithir nó a ngníomh, *déantar íad* uile a nainm an Tíghearna Iósa, ag breith bhuídheachais díbh ré Día eadhon an Tathair thrídsion.
18 A mhná, bíghidh úmhal da bhur bhfearuibh, mar is cubhaidh sa Dtíghearna.
19 A fhiora, grádhuighe *bhur* mná, agus ná bíghidh searbh dhóibh.
20 A chlann, bíghidh úmhal do bhur naithribh agus do bhur máithribh sna huile neithibh: óir as mór gean an Tíghearna ar so.
21 A aithreacha, na brosduighe bhur gclann *chum feirge*, deagla a meisnighe do chur ar gcúl.
22 A shearbhfhoghantuighidh, bíghidh úmhal sna huile neithibh don druing is maighisdridhe oruibh do réir na feóla; ní a seirbhís súl, mar luchd do ní toil na ndaóine; achd maille re neamhurchóid chroidhe, ar mbeith eaglach dhíbh roimhe Dhía:
23 Agus gidh bé ar bith ní do ní sibh, déunuidh *é* ó chroídhe, amhuil don Tíghearna, agus ní do dhaóinibh;
24 Ar mbeith a fheasa aguibh go bhfuighe sibh ón Dtíghearna luáidheachd oighreachda: óir as don Tíghearna Críosd do ní sibh seirbhis.
25 Achd gidh bé ní eúgcoir, do ghéubhuidh sé lúach sáothair na héugcóra do rinne sé: agus ní bhfuil féuchuin do phearsuinn seach a chéile.

17 And whatsoever ye do in word or deed, *do* all in the name of the Lord Jesus, giving thanks to God and the Father by him.

18 Wives, submit yourselves unto your own husbands, as it is fit in the Lord.
19 Husbands, love *your* wives, and be not bitter against them.
20 Children, obey *your* parents in all things: for this is well pleasing unto the Lord.

21 Fathers, provoke not your children *to anger*, lest they be discouraged.

22 Servants, obey in all things *your* masters according to the flesh; not with eyeservice, as menpleasers; but in singleness of heart, fearing God:

23 And whatsoever ye do, do *it* heartily, as to the Lord, and not unto men;

24 Knowing that of the Lord ye shall receive the reward of the inheritance: for ye serve the Lord Christ.
25 But he that doeth wrong shall receive for the wrong which he hath done: and there is no respect of persons.

Caibidil 4

Día do ghuidhe arson na minisdreadh; agus siúbhal go haithreach fa chómhair na míchreidmheacha.

1 A Mhaighisdrighe, déunuidh cóir agus comhthrom ré *bhur* searbhfhoghantuighibh; ar mbeith a fheasa aguibh go bhfuil Maighisdir aguibh féin mar an gcéudna ar neamh.
2 Bíghidh búan a núrnuighe, ag faire innte maille ré breith bhuidheachais;
3 Ag úrnuighthe mar an gcéudna air ar soinne, chum Dé dfosgladh dhoruis na húrlabhra dhúinn, as go laibheóramis rúindíamhair Chríosd, tré a bhfuilim fós a gcuibhrighthibh:
4 As go bhfoillséochuinn í, amhuil as cóir dhamh lábhairt.
5 Siúbhluidh go héagnuidhe a dtáobh na druinge atá a muíth, ar mbeith dhíbh ag fúasgladh na haimsire.

Chapter 4

1 Masters, give unto *your* servants that which is just and equal; knowing that ye also have a Master in heaven.

2 Continue in prayer, and watch in the same with thanksgiving;
3 Withal praying also for us, that God would open unto us a door of utterance, to speak the mystery of Christ, for which I am also in bonds:
4 That I may make it manifest, as I ought to speak.
5 Walk in wisdom toward them that are without, redeeming the time.

6 Bíodh bhur gcomhrádh do ghnáth grásamhuil, ar na thumadh a salann, ionnas go mbíadh a fhios aguibh cionnas as cóir dhíbh gach áon do fhreagra.
7 Foillséochuidh Tichicus, dearbhráthair grádhach agus minisdir díleas, agus cómhshearbhfhoghantúidhe sa Dtíghearna, mo chórsa uile dhíbh:
8 Noch do chuir mé chuguibh fá a nádhbhar chéudna, ionnus go mbíadh a fhios aige créd as cor dhaóibh, agus go dtiubhradh furtachd da bhur gcróidhthibhse;
9 Má ráon ré Honesimus déarbhráthair díleas grádhach, noch as díbh féin. Foillséochuid dhíbh na huile neithe *atá* ann so.

10 Cuiridh Aristarchus mo chóimhphríosúnach beatha agus sláinte chuguibh, agus Marcus, bráthair Bhárnabais, agá bhfúarabhair áitheanta dhá tháobh: má thig sé chuguibh, gabhuidh leis;
11 Agus Iósa, da ngoirthear Iustus, noch as don timchillghearradh. A síad amháin mo luchd cúngantasa do chum ríoghachda Dé, *agus* a síad bá fhurtachd damh.
12 Cuiridh Epaphras, searbhfhoghantuidhe Chríosd, noch is díbh féin, beannachd chuguibh, ag déunamh sbárna do shíor a núrnuighibh ar bhur son, chum seasda dhíbh go diongmhálta agus líonta a nuile thoil Dé.
13 Oír do ním dfíadhnuise ris, go bhfuil teasgrádh aige dhíbhse, agus do luchd Laodicéa, agus do luchd Híerapólis.
14 Cuiridh Lucás, an liáigh grádhach, agus Démas, beannachd chuguibh.
15 Beiridh beannachd chum na ndearbhráthar atá a Laodicéa, agus chum Nimpháis, agus chum na heagluise atá ann a thigh.
16 Agus an tan léighfighthear a neipisdilse eadruibh, tuguidh fé deara a léaghadh mar an gcéudna a neagluis na Laodicéanach; agus léighidhse fós *a neipisdil* ó Laodicéa.
17 Agus abruidh ré Harchippus, Tabhair haire leachd fán miniosdrálachd fuáir tú sa Dtíghearna, do choimhlíonadh.
18 Beatha agus slainte *chugaibh* ré mo láimhse Pól. Bíodh cuímhne aguibh ar mo ghéimhleachuibh. Grása maille ribh. Amén.

6 Let your speech *be* alway with grace, seasoned with salt, that ye may know how ye ought to answer every man.

7 All my state shall Tychicus declare unto you, *who is* a beloved brother, and a faithful minister and fellowservant in the Lord:

8 Whom I have sent unto you for the same purpose, that he might know your estate, and comfort your hearts;

9 With Onesimus, a faithful and beloved brother, who is *one* of you. They shall make known unto you all things which *are done* here.
10 Aristarchus my fellowprisoner saluteth you, and Marcus, sister's son to Barnabas, (touching whom ye received commandments: if he come unto you, receive him;)

11 And Jesus, which is called Justus, who are of the circumcision. These only *are my* fellowworkers unto the kingdom of God, which have been a comfort unto me.
12 Epaphras, who is *one* of you, a servant of Christ, saluteth you, always labouring fervently for you in prayers, that ye may stand perfect and complete in all the will of God.

13 For I bear him record, that he hath a great zeal for you, and them *that are* in Laodicea, and them in Hierapolis.
14 Luke, the beloved physician, and Demas, greet you.
15 Salute the brethren which are in Laodicea, and Nymphas, and the church which is in his house.
16 And when this epistle is read among you, cause that it be read also in the church of the Laodiceans; and that ye likewise read the *epistle* from Laodicea.
17 And say to Archippus, Take heed to the ministry which thou hast received in the Lord, that thou fulfil it.
18 The salutation by the hand of me Paul. Remember my bonds. Grace *be* with you. Amen.